

Curaclam Nua Teanga Bunscoile don Ghaeilge agus don Bhéarla- Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Sé

Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Tá an curaclam a úsáidtear i mbunscoileanna á athrú. An chéad chuid den athrú seo ná an Curaclam Nua Teanga Bunscoile don **Ghaeilge** agus don **Bhéarla**. Tá taithí faighte cheana féin ar an gcuraclam nua seo ag páistí sna naíonáin shóisearacha agus i rang a dó. Is gairid go mbeidh páistí i rang a trí go dtí rang a sé ag foghlaim tríd an gcuraclam seo chomh maith.



Cé dóibh an Curaclam Nua Teanga?

Tá an curaclam nua don Ghaeilge agus don Bhéarla dírithe ar gach pháiste ó na naíonáin shóisearacha suas go dtí rang a sé i ngach scoil - scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna, scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus scoileanna speisialta.

Cén fáth a bhfuil curaclam nua ann?

The Tá an curaclam á athrú ionas go mbeidh sé nua-aimseartha agus suas chun dáta i dtaca le forbairtí i bhfoghlaim teanga agus i ndiaidh an Bhliain Réamhscolaíochta Saor in Aisce a thabhairt isteach. Ó tugadh an curaclam deireanach isteach (1999), tá athruithe móra tagtha ar an tsochaí agus ar phobail, díreach mar atá athrú tagtha ar thimpeallacht foghlama do pháiste. Deir múinteoirí gur mhaith leo tuilleadh comhairle a fháil i dtaobh na mbealaí is fearr le cuidiú le páistí agus teanga á foghlaim acu. A bhuíochas do thaighde, tá níos mó eolais anois againn faoin gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí conas labhairt, léamh agus scríobh agus conas is féidir linn cuidiú leo dul chun cinn a

dhéanamh ar bhealaí a fheileann dá riachtanais foghlama.

Cén difear atá idir an Curaclam Nua Teanga agus an ceann a tugadh isteach i 1999?

Tá struchtúr éagsúil ar an gcuraclam nua ionas go mbeidh sé níos éasca do mhúinteoirí tacú le páistí atá ag foghlaim idir Ghaeilge agus Bhéarla. Mar thuismitheoir, an difear is mó a thabharfaidh tú faoi deara ná sa chaoi a ndéanfaidh do pháiste an dá theanga a fhoghlaim ar scoil. Sna blianta amach romhainn,

- beidh an-chuid deiseanna ag do pháiste labhairt sa rang, a gcuid tuairimí a thabhairt agus a gcuid smaointe a chur in iúl. Chomh maith leis sin, tabharfar deis do pháistí a gcuid tuairimí a thabhairt agus a phlé i dtaobh dánta, scéalta agus teachtaireachtaí scríofa ag daoine eile. Cuirtear béim sa churaclam ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh páistí a gcuid scileanna cainte a fhorbairt, chomh maith le bheith ag foghlaim conas léamh agus scríobh.
- cuideofar le do pháiste dul chun cinn a dhéanamh sa teanga labhartha, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht, ag leibhéal agus ag luas a fheileann don pháiste. Tacaíonn an Curaclam Nua Teanga le páistí a bhfuil láidreachtaí agus riachtanais éagsúla foghlama acu.
- i ranganna na naíonán, déanfaidh do pháiste teanga a fhoghlaim trí shúgradh agus trí idirghníomhaíochtaí spraíúla lena gcairde agus leis an múinteoir sa seomra ranga. Cuideoidh sé seo leo tógáil ar a bhfoghlaim teanga sna blianta réamhscolaíochta, bunaithe ar Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige.
- foghlaimeoidh do pháiste conas machnamhdhéanamh ar a bhfuil á léamh acu, é a cheistiú agus dearcthaí údar éagsúil a mheas. Cuideoidh sé seo leo a gcuid roghanna agus tuairimí féin a chur in iúl.



- tabharfaidh do pháiste ceangail faoi deara idir an Ghaeilge agus an Béarla agus tuigfear dóibh go mbíonn an méid a fhoghlaimítear i dteanga amháin ina chuidiú agus an teanga eile á foghlaim acu.
- d'fhéadfadh go bhfaigheadh do pháiste blaiseadh de theanga eile seachas an Ghaeilge agus an Béarla, agus béim sa Churaclam Nua Teanga ar an tábhacht agus an luach a bhaineann le teanga bhaile gach aon pháiste a aithint agus a chur chun cinn.
- beidh deiseanna ag do pháiste plé leis an teicneolaíocht ar bhealaí cruthaitheacha agus samhlaíocha, agus dearcadh dearfach agus freagrach á chur chun cinn i dtaobh a húsáide.

Ar an iomlán, cuidíonn an Curaclam Nua Teanga le múinteoirí éispéiris foghlama teanga a sholáthar a chuideoidh le gach páiste barr a gcumais a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Conas a chuidíonn an Curaclam Teanga le mo pháiste Gaeilge a fhoghlaim?

Cuideoidh an Curaclam Teanga le do pháiste an Ghaeilge a fhoghlaim ag luas agus ag leibhéal a fheileann dóibh. Beidh sé mar rogha ag scoileanna Gaeltachta agus ag Gaelscoileanna teagasc trí mheán na Gaeilge i rith an lae scoile ar fad, ar feadh tréimhse suas go dtí deireadh na naíonán sinsearach. Sna cásanna sin, foghlaimeoidh do pháiste Béarla ar scoil i ndiaidh na tréimhse seo. Oibreoidh scoileanna le tuismitheoirí agus le boird bhainistíochta agus an cinneadh seo á dhéanamh. I scoil arb é an Béarla an meán teagaisc inti, spreagfar do pháiste le Gaeilge a úsáid i ranganna Gaeilge agus le linn an lae scoile.

Tá tacaíocht ar fáil ar an suíomh gréasáin thíosluaite chun cuidiú leatsa agus le do pháiste an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

An bhfuil an chuid eile den churaclam bunscoile ag athrú chomh maith?

Tá, tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an gcuraclam bunscoile (1999) agus déanfar é a athfhorbairt sna blianta amach romhainn. Le tuilleadh eolais a fháil, féach www.ncca.ie/ga/bunscoil.

Cá háit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Is féidir breathnú ar an gCuraclam Teanga ar www.curriculumonline.ie. Tá físeáin ann a chuireann an curaclam i láthair, chomh maith le hábhair eile a phléann le gnéithe éagsúla d'fhoghlaim agus de theagasc teanga.

Conas is féidir liom tacú le mo pháiste sa bhaile?

Mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir, is féidir leat do pháiste a spreagadh chun caint faoi rudaí a gcuireann siad spéis iontu agus chun spraoi a bhaint as a bheith ag léamh agus ag scríobh. Is féidir leat do pháiste a spreagadh chomh maith le seánraí éagsúla a léamh, ar nós scéalta agus dánta, agus a gcuid tuairimí agus smaointe a roinnt ina dtaobh. D'fhéadfá deiseanna a thabhairt dóibh freisin páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht de chineálacha éagsúla, mar shampla liosta siopadóireachta a chur le chéile, ríomhphost a chur chuig duine muinteartha, scéal nó tuairisc a scríobh mar chuid de thionscadal leabharlainne.

Tá tuilleadh eolais ar fáil do thuismitheoirí ag www.ncca.ie/ga/bunscoil/acmhainní-do-thuismitheoirí Féach an Curaclam Nua Teanga ag www.curriculumonline.ie